Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Márta 2024
(OR. en)

7586/24

LIMITE

JUR 142
COMAR 6
ENV 271
COJUR 26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0353(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dearbhú Inniúlachta an Aontais Eorpaigh a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 67(2) den Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta |

Dearbhú Inniúlachta an Aontais Eorpaigh
a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 67(2)
den Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige
i dtaca le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí
i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

PUBLIC

1. I gcomhréir le hAirteagal 67(2) den Chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta ('an Comhaontú'), tíolacann an tAontas Eorpach ('an tAontas') an Dearbhú Inniúlachta seo a leanas i dtaca le hábhair a rialaítear leis an gComhaontú.

2. Is iad, Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, Ballstáit an Aontais.

3. De bhun Airteagail 3 agus 4 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le roinnt ábhar agus comhroinntear an inniúlacht idir an tAontas agus a Bhallstáit maidir le hábhair eile. De bhun Airteagal 4(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is iad na Ballstáit amháin atá inniúil maidir le gach ábhar nach bhfuil aon inniúlacht tugtha don Aontas ina leith sna Conarthaí.

4. I ndáil leis sin, dearbhaíonn an tAontas, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé inniúil ar chomhaontuithe idirnáisiúnta a dhéanamh, agus ar na hoibleagáidí a eascraíonn astu a chur chun feidhme, ar oibleagáidí iad a bhaineann le réimse an chomhshaoil, inniúlacht atá comhroinnte leis na Ballstáit, de bhun Airteagal 4(2), pointe (e), CFAE. Baineann sé sin leis na cuspóirí seo a leanas, i gcomhréir le hAirteagal 191 CFAE:

– cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú;

– sláinte an duine a chosaint;

– acmhainní nádúrtha a úsáid go stuama agus go réasúnach;

– bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó fadhbanna comhshaoil ar fud an domhain, agus go háirithe leis an athrú aeráide a chomhrac.

PUBLIC

A mhéid a bhaineann le hábhair ar glacadh rialacha an Aontais ina leith, níl inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith ábhair a rialaítear leis an gComhaontú ach amháin a mhéid a d'fhéadfadh forálacha an Chomhaontaithe nó cinntí Chomhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE. I ndáil leis sin, ní dhéanann tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais, difear do shannadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit i gcomhréir leis na Conarthaí. Go háirithe, níor cheart a thuiscint as an Dearbhú seo gur féidir leis an Aontas an deis a thapú a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú maidir leis na réimsí a chumhdaítear faoin gComhaontú a thagann faoi inniúlachtaí comhroinnte sa mhéid nár fheidhmigh an tAontas an inniúlacht sin go hinmheánach fós. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéanann an Comhaontú difear do rialacha comhchoiteanna ná nach n-athraíonn sé a raon feidhme, lena n-áirítear an fhorbairt a dhéanfar orthu amach anseo.

Dá réir sin, ní mór raon inniúlachta an Aontais a mheasúnú ar bhonn anailís chuimsitheach mhionsonraithe ar an ngaol atá ann idir an Comhaontú agus forálacha beachta gach birt de dhlí an Aontais, de réir an cháis. Tá raon feidhme agus fheidhmiú inniúlachtaí an Aontais, de réir a gcineáil, faoi réir na forbartha leanúnaí.

5. Ar an dara dul síos, dearbhaíonn an tAontas go bhfuil inniúlacht chomhthreomhar aige gníomhaíochtaí a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

– taighde agus forbairt theicneolaíoch;

– comhar um fhorbairt.

I gcomhréir le hAirteagal 4(3) agus 4(4) CFAE, ní bheidh mar thoradh ar inniúlacht chomhthreomhar an Aontais a fheidhmiú go gcuirfear cosc ar na Ballstáit a n-inniúlachtaí a fheidhmiú.

6. Ar an tríú dul síos, dearbhaíonn an tAontas go bhfuil inniúlacht eisiach aige maidir le hacmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gcomhbheartas iascaigh, i gcomhréir le hAirteagal 3(1), pointe (d), CFAE.

7. Dá bhrí sin, tá an tAontas agus a Bhallstáit inniúil ar an gComhaontú a thabhairt i gcrích. Tá tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ag an Aontas gan dochar d'inniúlacht na mBallstát a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas.

PUBLIC

8. A mhéid a bhaineann le bearta atá le glacadh faoin gComhaontú, beidh réimse inniúlachta an Aontais faoina dtagann an beart ag brath ar mheasúnú inmheánach ar phríomhchuspóir nó ar phríomh-chomhpháirt an bhirt atá le glacadh faoin gComhaontú chomh maith leis na cuspóirí agus na comhpháirteanna is sonraí don seasamh atá le bunú ag an Aontas. Dá réir sin, tá cinneadh déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach i dtaca le feidhmiú a n-oibleagáidí faoin gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 67(1) den Chomhaontú.

9. Ar deireadh, maidir leis na hinniúlachtaí a aistrítear chuig an Aontas, tá an Dearbhú seo gan dochar do raon feidhme críochach chur i bhfeidhm na gConarthaí, agus cuirfear i bhfeidhm é faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí, go háirithe Airteagal 355 CFAE. De bhun Airteagal 355 CFAE, níl an Dearbhú seo infheidhme maidir le tíortha agus críocha thar lear de chuid na mBallstát nach bhfuil feidhm ag na Conarthaí maidir leo, agus tá sé gan dochar do na gníomhartha nó na seasaimh sin a fhéadfaidh na Ballstáit lena mbaineann a ghlacadh faoin gComhaontú thar ceann na dtíortha agus na gcríoch sin thar lear agus chun a leasa.

10. Cuirfidh an tAontas an taiscí ar an eolas faoi aon mhodhnú ábhartha ar mhéid a inniúlachta, i gcomhréir le hAirteagal 67(2) den Chomhaontú.

PUBLIC